**Aighneacht ó Chonradh na Gaeilge**

**chuig an**

**gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta**

**ar an**

**Sraith Shinsearach**

**30 Deireadh Fómhair 2019**

## CÚLRA:

Is é Conradh na Gaeilge fóram daonlathach phobal na Gaeilge agus saothraíonn an eagraíocht ar son na teanga ar fud na hÉireann uile agus timpeall na cruinne.

Is í príomhaidhm na heagraíochta an Ghaeilge a athréimniú mar ghnáth-theanga na hÉireann.
Ó bunaíodh é ar 31 Iúil 1893 tá baill an Chonartha gníomhach ag cur chun cinn na Gaeilge i ngach gné de shaol na tíre, ó chúrsaí dlí agus oideachais go forbairt meán cumarsáide agus seirbhísí Gaeilge.

Tá Conradh na Gaeilge roghnaithe ag Foras na Gaeilge, an foras uile oileánda ag feidhmiú ar son an dá Rialtas thuaidh agus theas leis an nGaeilge a chur chun cinn, mar cheann de na sé cheanneagraíocht atá maoinithe acu leis an nGaeilge a fhorbairt ar oileán na hÉireann. Go príomha, tá Conradh na Gaeilge roghnaithe le tabhairt faoi chosaint teanga, ionadaíocht agus ardú feasachta ar an Ghaeilge.

Tá 180 craobh agus iomaí ball aonair ag Conradh na Gaeilge, agus bíonn baill uile an Chonartha ag saothrú go dian díograiseach chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn ina gceantair féin. Tá breis eolais faoi obair an Chonartha le fáil ag www.cnag.ie.

## RÉAMHRÁ:

Síleann Conradh na Gaeilge go bhfuil an comhairliúchán curtha ar bun ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) an-bhaolach mar gheall ar an gcur chuige atá in úsáid leis an nGaeilge mar chroí-ábhar ardteiste, a dhéanann gach mac léinn dar leibhéal staidéar uirthi, a cheistiú.

Inár dtuairim tá an CNCM ag ardú na ceiste seo gan comhthéacs ceart léi. Luaitear sa cháipéis comhairliúchán ar leathanach 16 go bhfuil 'dearcthaí éagsúla faoin nGaeilge a choinneáil mar ábhar éigeantach' agus ansin cuirtear ceist ar cén ábhair a chóir go mbeadh siad éigeantach sa sraith shinsearach. Ach ní luaitear, agus níl aon taighde san áireamh sa chomhairliúchán ar an ábhar seo, na cúiseanna a bheadh mic léinn nó eile den tuairim nár chóir don Ghaeilge a bheith mar chroí-ábhar ardteiste, a dhéanann gach mac léinn dar leibhéal staidéar uirthi.

Tá an CNCM ag dul síos bóthar claonta agus lochtach agus ag déanamh an rud a dhéantar go minic, i. gan na fíor cúinsí a bhaineann leis an nGaeilge sa chóras oideachais a phlé ina iomlán, in ionad sin iad a sheachaint agus in áit tabhairt fúthu i slí comhtháite tá an CNCM tar éis ligint den mholadh le hísliú stádais a thabhairt don Ghaeilge teacht chun cinn. Dar ndóigh, d'fheadfadh impleachtaí thar a bheith tromchúiseach a bheith ar aon athrú ar stádas na Gaeilge don ardteist ar úsáid, íomhá agus todhchaí na Gaeilge sa tír seo. Tá an moladh seo don ísliú stádais tar éis a bheith curtha chun cinn sa chomhairliúchán ar gach leibhéal, i. sna cruinnithe de na grúpa fócais, sna meáin chumarsáide, sna cáipéisí comhairliúcháin, srl..

Ach, ta deis anois ag an CNCM teacht chun tosaigh le moltaí maithe a chosnóidh ról agus stádas na Gaeilge sa sraith shinsearach agus chuige sin tá na moltaí thíos, agus sa cháipéis seo ina iomlán, ag Conradh na Gaeilge don CNCM:


- Ba chóir an Ghaeilge a choinneáil mar chroí-ábhar sa sraith shinsearach a dhéanann gach dalta staidéar uirthi
- Ba chóir aon athruithe don Ghaeilge sa tsraith shinsearach teacht mar chuid de Pholasaí don Ghaeilge sa Chóras Oideachais ón Réamhscoil go dtí an Tríú Leibhéal
- Ba chóir úsáid a bhaint as an gCreat Eorpach d'Fhoghlaim Teangacha le teagaisc, measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar an nGaeilge sa sraith shinsearach

## POINTÍ TAIGHDE LE TÓGÁIL SAN ÁIREAMH SA CHOMHAIRLIÚCHÁN:

De réir taighde suirbhé ar dearcthaí an phobail i leith na Gaeilge, tá tacaíocht an-láidir ann (64%) don Ghaeilge mar chroí-ábhar ardteiste, a dhéanann gach mac léinn dar leibhéal staidéar uirthi, agus níl mórán tacaíocht ann leis an stádas sin a athrú (14%).




Chomh maith leis sin, tá tacaíocht an-láidir ann (63%) le polasaí don Ghaeilge sa chóras oideachais ón réamhscoil go dtí an tríú leibhéal a bheith curtha le chéile, i. go mbeadh ciall agus ceangal comhtháite le foghlaim na Gaeilge don dalta sa chóras ón gcéad lá sa réamhscoil go dtí scrúdú na hArdteiste agus ar aghaidh go dtí an tríú leibhéal. Arís, níl mórán tacaíocht i gcoinne an mholadh seo (11%). Níor chóir aon athrú a dhéanamh don Ghaeilge sa sraith shinsearach gan an comhthéacs iomlán a bheith tógtha san áireamh.



Tá tacaíocht an-láidir ann chomh maith go mbeidh athchóiriú déanta ar an gcóras oideachais le cinntiú go mbeidh leibhéal cumasach de Ghaeilge labhartha ag gach dalta nuair a chríochnaíonn siad a gcuid oideachas. B'fhearr an fuinneamh a chaitheamh ag socrú seo in ionad ísliú stádais a thabhairt don teanga.




Rud eile nach bhfuil déanta ag an CNCM sa chomhairliúchán seo agus tagairt déanta do dhaltaí scoile nach bhfuil sásta leis an nGaeilge mar chroí-ábhar ardteiste ná féachaint ar cén fáth go mbeadh a leithéid de dhearcadh ag an ngrúpa seo.

Cuireadh an cheist sin i dtaighde le Ipsos MRBI i 2010 agus i measc na bhfreagraí is mó a tugadh bhí na cúiseanna seo a leanas: Ba chóir go mbeadh daltaí in ann ábhair a roghnú tar éis na teastais sóisearaigh; Níl aon bhuntáistí ann leis an nGaeilge; tá sí ródheacair mar ábhar; agus eile. Dar ndóigh, d'fheadfaí gníomhú ar dhá cheann den trí bhuairt luaite ansin in ionad fáil réidh léi mar chroí-ábhar.

## POINTÍ EILE LE TÓGÁÍL SAN ÁIREAMH MAIDIR LEIS AN nGAEILGE MAR CHROÍ-ÁBHAR ARDTEISTE, A DHÉANANN GACH MAC LÉINN DAR LEIBHÉAL STAIDÉAR UIRTHI:

- Tá gach leibhéal sa scoil idirspleách ar a chéile - má bhíonn an Ghaeilge roghnach don Ardteist beidh níos lú béime uirthi don Teastas Sóisearach nó fiú sa bhunscoil
- Nuair a rinneadh foghlaim nua-theangacha roghnach i Sasana sa GCSE, thit an líon daoine ag staidéar teangacha ó 79% i 2001 san aoisghrúpa go 41% i 2018. Bheadh an uimhir seo i bhfad níos ísle fós ach gur choinnigh roinnt de na scoileanna príobháideacha éigeantach iad. Ní múintear aon nua-theanga anois i 7% de scoileanna ó bhliain a 7 ar aghaidh mar gheall air seo
- Ní féidir talamh slán a dhéanamh de go mbeidh an Ghaeilge ar fáil do gach dalta scoile dá mbeadh sí roghnach. Braitheann soláthar ábhar ar bith ar choinníollacha éagsúla: éileamh ós na daltaí, soláthar múinteoirí, seomraí srl.
- Dá mbeadh an Ghaeilge ina hábhar roghnach rachadh sí isteach i bpota mar a bhfuil gach rud ó Ealaín go hEacnamaíocht Bhaile agus ó Cheol go Ceimic. Cuimhnigh chomh maith go bhfuil breis ábhar á gcur sa phota i rith an ama - mar shampla: corpoideachas; polaitíocht agus eolaíocht ríomhaireachta; srl.
- Bheadh níos lú mac léinn dara leibhéal in ann dul ar aghaidh mar bhunmhúinteoirí
- Chuirfeadh athrú ar stádas na Gaeilge deireadh le roinnt mhaith coláistí samhraidh sa Ghaeltacht, rud a dhéanfaidh damáiste ollmhór do na Gaeltachtaí sin. Bhrisfí chomh maith an caidreamh idir foghlaimeoirí agus cainteoirí dúchais
- Bheadh aon dalta nach ndéanann an Ghaeilge don Ardteist ag cailliúint amach ar go leor leor deiseanna fostaíochta agus gairme
- Dá ndéanfaí ábhar roghnach den Ghaeilge, bheadh sé ag dul in aghaidh polasaí stáit na Straitéise 20 bliain don Ghaeilge 2010-30 agus an Polasaí don Oideachas Gaeltachta
- Ní dhéanfaí an infheistíocht chuí sa Ghaeilge má tá sí in iomaíocht le hinfheistíocht d'ábhair eile. Bheadh ceist ollmhór ansin d'inmharthanacht na teanga
- Bheadh an-fhadhb ann sa Ghaeltacht dá mbeadh daltaí scoile in ann roghnú gan staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge, agus bheadh dá réir baol ann don pholasaí oideachais Gaeltachta agus gach straitéis agus polasaí Stáit a bhfuil d'aidhm aige an teanga dhúchas a chaomhnú, a chosaint agus a neartú
- In áit díriú ar an nGaeilge mar ábhar 'dúshlánach, strusmhar', tá dualgas orainn díriú ar na straitéisí chun aon dúshlán a mhaolú, ar a n-áirítear: luach na teanga a mhúineadh do dhaltaí (agus do mhúinteoirí); straitéisí don teagasc idirdhealaitheach; straitéisí chun an dalta a ghríosadh le deiseanna a lorg í a labhairt lasmuigh den rang; infreastruchtúr ceart sóisialta trí Ghaeilge a bheith ann, srl.

**Tuairim an Ollaimh David Little maidir leis seo:**
"We could make Irish optional for Leaving Certificate; and after a few years we might come to think that it should be optional for Junior Certificate too; and after that – well, what's the point of bothering with compulsory Irish at primary level, if it's going to be taken only by a tiny minority at second level? If we follow this path, we may well find that by the end of this decade Ireland has sold its linguistic birthright and staked its entire future – cultural, political, economic – on the continuing international dominance of English. On the other hand, we can respond by taking seriously the linguistic challenge of the European project; recognizing that Irish belongs not just to Ireland's but to Europe's linguistic heritage; taking note of the empirical fact that the more languages you learn, the easier it becomes; insisting that Ireland's membership of Europe requires us to make foreign language learning a compulsory part of schooling; and seeking ways of achieving more effective learning outcomes. This kind of response requires political commitment and a coherent national effort leading to a language education policy capable of generating an integrated language curriculum that in turn can facilitate pedagogical reform."
Ó The future of languages in Irish education: policy, curriculum, pedagogy

**Comparáid leis an gCinneadh a rinneadh sna 1970í leis an riachtanas Gaeilge a bhaint ón earnáil phoiblí:** Nuair a baineadh an gá Gaeilge a bheith ag iarrthóir chun post a fháil sa státseirbhís mar riachtanas iontrála i 1974, thit líon na mball foirne a bhí in ann seirbhísí a sholáthar i nGaeilge go suntasach ar fud na státseirbhíse ar fad. Mar shampla, níl ach 1.5% den fhoireann sa Roinn Oideachais agus Scileanna inniúil anois chun seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge sa lá atá inniu ann. Tá an fhíric seo ag teacht salach ar an teoiric a bhí ann go dtiocfadh borradh ar úsáid na Gaeilge sa státseirbhís dá gcuirfí deireadh leis an riachtanas Gaeilge, mar a airíodh i 1974:

> *"The government is fully confident that this policy change, which promotes encouragement instead of compulsion, will result in increased goodwill towards the Irish language and will help to widen language use inside and outside the Civil Service."*
>
> ***An tAire Richie Ryan, 5 Nollaig 1974***

Go deimhin, d'admhaigh Conor Cruise O'Brien - a bhí ina Aire sa Rialtas céanna - go raibh aiféala air go ndearnadh cinneadh dá leithéid:

> *"...I would say that without a doubt Irish was reduced in status. Therefore, in retrospect, I do not believe we did the right thing. And I am very sorry about it."*
>
> ***Iar-Aire Conor Cruise O'Brien, 24 Lúnasa 1984***

## MOLADH MAIDIR LE COMHCHREAT TAGARTHA NA hEORPA UM THEANGACHA

Creideann Conradh na Gaeilge gur chóir go mbeidh an deis ag gach duine an Ghaeilge a fhoghlaim, go háirithe an duine óg. Seachas an fhadhb a sheachaint, nach b'fhearr dul i ngleic leis an fhadhb ar mhaithe le hoideachais an páiste.

Tá gá leis an gcóras a athrú chun díriú ar riachtanais aonarach foghlamtha an dalta. Bíonn ceithre scil cumarsáide i gceist le teanga a fhoghlaim, éisteacht, caint, léamh agus scríobh. Molann an Conradh gur chóir foghlaim na Gaeilge sna scoileanna sa sraith shinsearach a bhunú ar an gComhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha, sé sin go ndéanfar measúnú rialta ar an 4 scil cumarsáide ag an leibhéal a oireann don dalta ó thaobh cumas foghlama de nó ó thaobh an méad ama atá siad sa chóras leis an nGaeilge a fhoghlaim, i. má thagann dalta isteach sa chóras déanach. Bheadh an bhuntáiste breise leis an gcóras seo go bhféadfadh dalta le deacrachtaí scríbhneoireachta gan scrúdú a dhéanamh i scríobh na Gaeilge ach d'fheadfadh sé/sí scrúdú a dhéanamh sna scileanna eile.

Ba chóir, mar sin, an Creat Eorpach d'Fhoghlaim Teangacha a úsáid sa tsraith shinsearach (agus ag gach leibhéal eile den chóras oideachais) le measúnú a dhéanamh ar an nGaeilge. Thabharfadh seo solúbthacht don mheasúnú agus d'fheadfaí freastail ar dhaltaí bunaithe ar a leibhéal cumais, mar shampla:

- D'fheadfadh dalta, le fadhb foghlama aitheanta, agus atá lag i scríobh na Gaeilge díriú ar an nGaeilge labhartha agus d'fheadfaí sin a thógáil san áireamh sna pointí ardteiste a bhronnfar ar an dalta sin
- D'fheadfadh dalta ag teacht isteach déanach sa chóras an chéad leibhéal den chreat a bhaint amach in ionad a bheith coinnithe amach as an rang Gaeilge agus na pointí ardteiste a bheith bunaithe ar an gcéad chéim den chreat

Chomh maith leis seo ar fad, bheadh cumas an dalta sa Ghaeilge aitheanta a fud na hEorpa toisc go mbeadh a chumas aitheanta ar an gCreat Eorpach.

**POINTÍ EILE DON SRAITH SHINSEARACH:**

- Tá go leor fadhbanna ann leis an Ardteist fheidhmeach agus an rogha seo á chur chun cinn leis na daltaí a bhfuil sé in oiriúint dóibh. B'fhearr fadhbanna mar seo a réiteach ar dtús roimh an réimse ábhar a leathnú
- Conas ar féidir réimse leathan ábhar a chur ar fáil i scoileanna beaga, go háirithe scoileanna beaga lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, ionas go mbeidh an deis chéanna ag daoine óga eispéireas fóinteach foghlama a bheith acu
- Beidh soiléiriú de dhíth faoi cén chaoi a chuirfear clár leathan ábhar ar fáil do scoileanna oileáin, beaga agus scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge
- Má tá an réimse ábhar don tSraith Shinsearach le leathnú, tá sé riachtanach plé a dhéanamh ar conas daoine atá inniúil sa Ghaeilge a mhealladh le tabhairt faoi na cúrsaí cuí tríú leibhéal le cinntiú go mbeidh soláthar leordhóthanach ann do mhúinteoirí sna scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Ní fiú an rogha ábhar a leathnú mura bhfuil múinteoirí ar fáil len'iad a theagasc. Treisíonn sé seo an-tábhacht a bhaineann le tábhacht na Gaeilge ag leibhéal na sraithe sinsearaí agus na sainscileanna cuí a bheith ag na scoláirí
- Tá siollabas T1 agus T2 ag leibhéal an teastais sóisearaí i bhfeidhm, ach fós ag luathstaid a fheidhmithe. Ta sé den riachtanas go ndéanfaí ollthorthaí an chur chuige nua seo a mheas, mar aon le straitéisí don teagasc idirdhealaitheach roimh aon leasuithe a phlé
- Bheadh faillí fadtéarmach déanta sa mhéid is nach roghnófaí aon ábhar a bhraithfear a bheith deacair, ach go gcaillfear seoid luachmhar ag aois criticiúil na foghlama
- Ag deireadh an lae is córas pointe atá i gceist leis an ardteist agus meallfaidh na hábhair a bheidh aitheanta mar na hábhair 'níos éasca' daltaí len iad a roghnú le pointí arda a bhaint amach. Ní léiriú maith é sin ar chóras oideachais do shaoránaigh na tíre seo
- Ba chóir polasaí don Ghaeilge sa chóras oideachais ón réamhscoil go dtí an ollscoil a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm roimh aon athrú óir tá baol ann go dtógfaí athrú suntasach isteach nach mbeifeí in ann a aisiompú agus go rachaidh sé sin i gcoinne na bunreachta agus an pholasaí stáit i leith na teanga mar theanga oifigiúil na tíre seo